Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Iúil 2024
(OR. en)

12423/24
ADD 1

LIMITE

PUBLIC 101
INF 197

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE – AIBREÁN 2024 |

Sa doiciméad seo, liostaítear na gníomhartha a ghlac an Chomhairle i mí Aibreáin 2024.

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha neamhreachtacha, lena n-áirítear dáta an ghlactha.

Tá an doiciméad seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle freisin ag:

[Achoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle (gníomhartha) - Consilium]

Ba cheart a thabhairt ar aird gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil.

| FAISNÉIS FAOI NA GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA A GHLAC AN CHOMHAIRLE I MÍ AIBREÁIN 2024 | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 19 Aibreán 2024** | **CM 2418/24** |
| *Cinneadh, Rialachán agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine* – **Ráiteas ón Ungáir** | CM 2418/24 |
| Is díol sásaimh don Ungáir gur fhormheas Coreper na beart sriantacha, faoi Chóras Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine, i gcoinne eintitis Hamas atá freagrach as na hionsaithe sceimhlitheoireachta brúidiúla neamh-idirdhealaitheacha ar fud Iosrael ón 7 Deireadh Fómhair 2023 i leith. Mar a léiríodh sna tuarascálacha ó Ionadaí Speisialta na Náisiún Aontaithe, tá an grúpa sceimhlitheoireachta freagrach as gníomhartha gráiniúla foréigin gnéis agus inscnebhunaithe a dhéanamh go forleathan agus go córasach ar fud Iosrael, agus tá a n-uafás le brath, go dtí an lá atá inniu ann, ag an iliomad giall atá i ngéibheann go fóill.<br>Maidir leis na tograí liostaithe breise faoin gcóras smachtbhannaí céanna a bhaineann le lonnaitheoirí foréigneacha, athdhearbhaíonn an Ungáir gur cúis imní di tráthúlacht agus leordhóthanacht a nglactha. Ina theannta sin, is mian leis an Ungáir a athdhearbhú gur tír dhaonlathach é Iosrael ina bhfuil córas dlí lena ráthaítear cuntasacht na ndaoine sin a sháraíonn agus a mhí-úsáideann cearta an duine.<br>I bhfianaise an mhéid thuas agus i gcomhréir leis an gceathrú mír d’Airteagal 238 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, staonfaidh an Ungáir ón vótáil ar na gníomhartha dlí comhfhreagracha. | |